

# TEANGA 24

**Bliainiris na Teangeolaíochta Feidhmí in Éirinn  
The Irish Yearbook of Applied Linguistics**

## **Foghlaim chomhtháite ábhar agus teanga i gclár oideachais tosaigh do mhúinteoirí bunscoile**

*Pádraig Ó Duibhir*

### **Abstract**

Content and language integrated learning (CLIL) has been defined as an educational approach where content is taught through the medium of a second language. The focus is on the learning of content rather than on the language. Much of the underlying theory for CLIL draws on the research from immersion education. The Irish Government's 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030 proposes to improve the proficiency in Irish of primary school pupils by offering CLIL to all pupils. This paper examines the role of CLIL in initial teacher education and the contribution that it can make to improving student teachers' proficiency in Irish and in preparing the student teachers to teach in Irish-medium schools. While a CLIL approach has become quite common at school-level in many countries, the number of empirical studies on the effectiveness of CLIL approaches on learners' language achievement is relatively small. This paper reports on a study in St Patrick's College, Dublin City University, where 29 Postgraduate Diploma in Education (Primary) students opted to study a number of curricular areas through the medium of Irish utilising a CLIL approach.

**Pádraig Ó Duibhir** is Deputy Dean of the DCU Institute of Education. Prior to that he was Registrar and a senior lecturer in Teagasc na Gaeilge in St Patrick's College. Before he became involved in teacher education, he worked for many years as a principal in an all-Irish primary school. He has conducted research on many areas of policy, practice and curriculum relating to the teaching of Irish as an L2 and all-Irish schools.

### **Réamhrá**

Tá go leor scríofa agus ráite sna meáin le blianta beaga anuas faoi chaighdeán Gaeilge mhúinteoirí na tíre. Leag an tAire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta ag an am, Éamon Ó Cuív, an milleán ar na Coláistí Oideachais as an lagú tubaisteach seo ar chaighdeán Gaeilge na múinteoirí (Ní Chiaráin, 2007). Tá

tacaíocht áirithe sa taighde do thuairim Uí Chuív faoi chaighdeán Gaeilge na múinteoirí cibé rud faoin áit a luíonn an locht. Léirigh dhá thuarascáil taighde go bhfuil thart ar an gceathrú cuid de mhúinteoirí bunscoile ann nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu leis an teanga a mhúineadh go héifeachtach (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2007; Harris et al. 2006). Bhí sé le rá ag príomhoidí Gaelscoile agus Gaeltachta freisin go raibh sé deacair orthu teacht ar mhúinteoirí le Gaeilge sách maith le múineadh ina scoileanna gan trácht ar na saincileanna a bheith acu a theastaíonn don teagasc trí Ghaeilge (Mac Donnacha et al., 2005; Máirtín, 2006; Ó Duibhir, 2006).

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, bheartaigh Coláiste Phádraig in 2009 clár a dhearadh ina múnifí cuid de na hábhair churaclaim trí mheán na Gaeilge do ghrúpa mac léinn ar an gcúrsa Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunscoile) (DI). Cúrsa comhleanúnach san oideachas tosaigh múinteoireachta a bhí á theagasc ag an am. Déantar cur síos san alt seo ar fheidhmiú an chúrsa sin agus ar mheastóireacht na mac léinn a ghlac páirt ann ar a éifeacht. Ar an gcéad dul síos déantar iniúchadh ar an gcur chuige a glacadh don chúrsa i bhfoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga (FCÁT/CLIL). Ansin tugtar léargas ar an taighde idirnáisiúnta a bhaineann le FCÁT. Leantar ar aghaidh ansin le hiniúchadh ar an taithí le FCÁT in Éirinn agus scrúdaítear na moltaí is déanaí atá déanta ina taobh. Ina dhiaidh sin déantar cur síos ar chur i bhfeidhm chlár amháin FCÁT agus an mheastóireacht a rinne na mic léinn air. Ar deireadh, déantar tátal ar na himpleachtaí atá ag an staidéar seo do chlár FCÁT in oideachas tosaigh mhúinteoirí sa todhchaí.

### **Foghlaim chomhtháite ábhar agus teanga**

Sainmhíniú amháin ar FCÁT is ea: ‘a dual-focused educational approach in which an additional language is used for the learning and teaching of both content and language’ (Coyle et al., 2010: 1). Is minic a thugtar *teagasc ábhar-bhunaithe* ar an gcur chuige seo i Meiriceá Thuaidh (Stoller, 2004). Sa chur chuige défhócasaithe seo caithfidh an múinteoir cúram a dhéanamh de chúrsaí teanga chomh maith le hábhar an cheachta. Tugtar faoi deara gur teanga bhreise atá i gceist agus de ghnáth ní hí céad teanga na bhfoghlaimoirí í (Marsh, 2002). Sa cheacht FCÁT, díritear aird an fhoghlaimeora den chuid is mó ar ábhar an cheachta agus é/í ag iarraidh brí a bhaint as an méid a chloiseann sé/sí nó a léann sé/sí. Dealraíonn sé ar leibhéal áirithe go bhfuil FCÁT réasúnta simplí: nach bhfuil le déanamh ag an múinteoir ach an t-ábhar a theagasc tríd an sprioctheanga. Ach má tá an foghlaimoir chun brí a bhaint as caithfear é a chur i láthair le hionchur sothuigthe. Tá níos mó i gceist mar sin ná díreach an t-ábhar a aistriú go dtí an sprioctheanga (Erben, 2005). Ar an gcaoi seo spreagann FCÁT an foghlaimoir lena chumas cognaíoch acadúil teanga a fhorbairt seachas a líofacht shóisialta teanga amháin (Cummins, 2000). Ag brath ar an ábhar, d'fhéadfadh dearadh áiseanna nua a bheith i gceist, rud atá fíor faoi mhionteanga ar nós na Gaeilge. Chuirfeadh sé seo brú sa bhreis ar mhúinteoirí agus ar léachtóirí.

Ceann de na deacrachtaí a bhaineann le foghlaim an dara teanga thar thréimhse fhada ama ar scoil ná go dtiteann leibhéil inspreagtha na ndaltaí in imeacht aimsire (Dörnyei and Ushioda, 2009). Maíonn Lyster (2007) go gcabhraíonn FCÁT leis an bhfadhb seo a shárú trí chomhthéacs a chur ar fáil don fhíorchumarsáid chomh maith le dúshlán cognaíoch a chur roimh an bhfoghlaimoir. Tacaíonn Met (1998) leis an tuairim seo nuair a deir sí:

'Authentic purposes tend to be more cognitively engaging than are those perceived by students as contrived or irrelevant' (Met, 1998: 38). D'fhéadfadh sé cabhrú le polasaí ilteangach Chomhairle na hEorpa freisin dá múnfí ábhair nó gnéithe d'ábhair eile tríd an sprioctheanga (Comhairle na hEorpa, 2008). Buntáiste eile atá ag FCÁT i gcomhthéacs an mhéid atá ar eolas againn anois faoin gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí ná go gcuireann sé an foghlaimeoir seachas an teanga i lár an phróisis agus spreagann sé úsáid teanga faoi mar a mhínigh Ting (2010: 14):

CLIL can transform classroom dynamics into one which is learner-centred, constructivistic and motivating as it prompts learners to use language authentically to access information, gain understanding and formulate new content knowledge.

Feicimid anseo arís an tagairt d'úsáid dhílis na teanga atá ar cheann de na dúshláin is mó a bhíonn ag múinteoirí teanga.

Cé go bhfuil neart clár FCÁT ag leibhéal na scoile ar fud an domhain, níl an oiread sin fianaise eimpírí ann go dtí seo maidir le héifeacht na gclár seo ar chumas teanga na bhfoghlaimeoirí. Tarraingíonn go leor de bhunteoiricí FCÁT ar an taighde a rinneadh ar an tumoideachas (Grabe and Stoller, 1997). É sin ráite, léiríonn na staidéir eimpíreacha atá ann gur cur chuige dearfach atá ann (Harris and Ó Duibhir, 2011; Stoller, 2004). Ag tarraingt ar an taithí ón tumoideachas chomh maith, is féidir a rá nach mbíonn scileanna T1 na bpáistí thíos leis an gcur chuige seo (Cummins, 2011). Níl mórán staidéar ann ach oiread ar na dúshláin atá roimh mhúinteoirí agus iad ag iarraidh teanga agus ábhar a theagasc i slí chomhtháite.

### **FCÁT in Éirinn**

Tá an t-oideachas trí mheán na Gaeilge mar dhlúthchuid den chóras oideachais i nÉirinn ó bunaíodh an Stát i 1922 (Council of Europe, 2006b). Shocraigh an chéad chomhdháil a leag amach clár oideachais do na scoileanna náisiúnta go n-úsáidfí an Ghaeilge mar mheán teagaisc ar feadh uair an chloig ar a laghad gach lá i scoileanna ina raibh múinteoirí sách cumasach chun é sin a dhéanamh (National Programme Conference, 1922; O'Connor, 2010). Cé nár tugadh FCÁT air ag an am, b'ín a bhí i gceist go bunúsach. Ó shin i leith, tá claonadh sa chóras oideachais in Éirinn breathnú ar an tumoideachas iomlán mar an t-aon mhúnla eile seachas an teanga a mhúineadh mar ábhar (Comhairle na hEorpa, 2008). Níl aon dabht ná go bhfuil an tumoideachas iomlán ar an múnla is láidre chun dara teanga a mhúineadh (Baker and Jones, 1998) ach b'fhéidir nach é an rogha a bheadh ag gach tuismitheoir dá bpáiste (Harris et al., 2006). Má theastaíonn uainn cur leis an méid teagmhála atá ag foghlaimeoirí Gaeilge leis an teanga, ní miste múnla FCÁT a chur san áireamh. Anuas air sin, léirigh taighde Harris (1983) go raibh toradh dearfach ar ábhair eile a mhúineadh trí Ghaeilge do scileanna teanga páistí bunscoile.

Tá sé de rún ag Straitéis 20 bliain an Rialtais don Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2010) feabhas a chur ar chumas Gaeilge páistí bunscoile trí FCÁT a chur ar fáil do gach dalta ag tosú sna ranganna naíonán. Luaitear é chomh maith mar bhealach le 'cumais litearthachta na ndaltaí i nGaeilge a fhorbairt' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011). Tá na moltaí seo ag teacht leis an taighde agus

leis an gcleachtas idirnáisiúnta is déanaí ar fhoghlaím teangacha (Comhairle na hEorpa, 2008; Cummins, 2011; Harris and Ó Duibhir, 2011). Ba cheart go mbeadh éileamh ar a leithéid de chur chuige sna bunscoileanna i bhfianaise an mhéid a fuair Harris et al. (2006) amach go mbeadh 23.7% de thuismitheoirí i scoileanna T2 sásta dá múinfi ábhair eile trí Ghaeilge. Fiú amháin i measc an phobail i gcoitinne, léirigh pobalbhreith a choimisiúnaigh Comhar na Múinteoirí Gaeilge (2010) go raibh 65% de dhaoine den tuairim gur chóir ábhar eile a mhúineadh trí Ghaeilge sna bunscoileanna chun páistí a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid. Bhí an aoisghrúpa 15-24 bliain níos láidre fós den tuairim seo áit ar cheap 79% díobh gur chóir níos mó ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge.

Tarraingíonn Straitéis an Rialtais aird ar an ngá atá ann le caighdeán na Gaeilge atá ag múinteoirí bunscoile a ardú freisin. Chuige sin, tá sé molta go múinfi cuid de na hábhair ar na cúrsaí réamhsheirbhíse do mhúinteoirí trí Ghaeilge. Is beag clár atá ann, áfach, in áit ar bith san Eoraip ag leibhéal réamhsheirbhíse nó ag leibhéal inseirbhíse a oileann múinteoirí ar mhodheolaíochtaí FCÁT (Council of Europe, 2006a) agus tá an scéal níos measa fós in Éirinn (Council of Europe, 2006b). Iarracht a bhí sa chúrsa i gColáiste Phádraig leis an mbearna sin a líonadh. Déantar cur síos ar an gcúrsa sin sa chéad chuid eile.

### **FCÁT i gColáiste Phádraig Réamhrá**

Moladh i 2007/08 go ndéanfaí modúil FCÁT a fhorbairt i gColáiste Phádraig. Ba iad na haidhmeanna a bhí leis an tosaíocht seo ná:

1. Feabhas a chur ar chumas Gaeilge na mac léinn
2. Mic léinn a ullmhú le dul ag teagasc i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (scoileanna T1)
3. Mic léinn a ullmhú le hábhar eile seachas Gaeilge a mhúineadh trí Ghaeilge i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge ina dara teanga ann (scoileanna T2)
4. Comhthéacs cumarsáide a chur ar fáil do mhic léinn ina bhféadfaidís Gaeilge a labhairt lena bpiaraí.

Anuas ar na haidhmeanna sin, measadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh an taithí ag mic léinn páirt a ghlacadh i gcúrsa FCÁT mar fhoghlaimeoirí agus go gcreidfidís go bhfuil sé indéanta ábhar agus teanga a fhoghlaím i dteannta a chéile. Tá sé níos fusa creidimh na múinteoirí a mhúnlú sula dtosaíonn siad ag múineadh ná a bheith ag iarraidh iad a athrú ar ball (Cammarata, 2010).

Tá leibhéil éagsúla inar féidir clár FCÁT a struchtúru. Déanann Met (1998) cur síos ar speictream cur chuige chun teanga agus ábhar a chomhtháthú le cláir tiomáinte ag ábhar ar thaobh amháin den speictream agus cláir tiomáinte ag teanga ar an taobh eile. Sna cláir i gColáiste Phádraig, bhí siad tiomáinte ag ábhar den chuid is mó. Bhí na torthaí foghlama céanna ag na léachtóirí sna seisiúin trí Ghaeilge is a bhí acu sna seisiúin trí Bhéarla. Mhúin siad ábhar na ranganna trí Ghaeilge chomh fada is a bhí ar a gcumas é sin a dhéanamh agus na háiseanna cuí a bheith ar fáil i nGaeilge. Ba chineál tumadh sa Ghaeilge a bhí ann ar an gcaoi sin, ina bhféadfadh na foghlaimeoirí soiléiriú a lorg murar thuig siad an t-ábhar. Bhí mar a dúirt Met (1998: 44), 'limited or no explicit language instruction' mar chuid de na ranganna. Ba í an phríomhthacaíocht a cuireadh ar fáil don fhoireann

ná ábhar cúrsa a aistriú go Gaeilge agus a chuir siad in oiriúint ansin dá riachtanais féin.

### Struchtúir

Cuireadh tús leis an gcéad chúrsa i mí Eanáir 2009 nuair a tugadh cuireadh i bhfoirm litreach don 180 mac léinn ar an gcúrsa Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunscoile) (DI) cuid de na hábhair churaclaim a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Is cúrsa bliain go leith é seo a mhaireann trí sheimeastar. Faoi mar a fheictear thíos rinne 30 mac léinn staidéar ar na hábhair seo a leanas trí mheán na Gaeilge: Corpoideachas; Oideachas Luath-Óige; Drámaíocht; Matamaitic; Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS); agus Saoránacht. Is fiú a lua, áfach, nár ghlac ach 15 mac léinn leis an gcuireadh ar an gcéad dul síos tar éis dóibh an litir a fháil. Níor leor an líon seo chun cúrsa inmharthana a chur ar siúl. Scrúdaíodh liosta na n-ainmneacha agus cuireadh glaoch ar dhuine ar bith a raibh a (h)ainm i nGaeilge acu nó a raibh seoladh acu sa Ghaeltacht. Nuair a míníodh do na mic léinn an rud a bhí i gceist leis an gcúrsa ghlac 15 eile leis an gcuireadh, rud a d'fhág grúpa de 30, a bhí mar sprioc ón tús. Dearbhaíodh dóibh go bhféadfaidís tarraingt siar ó na ranganna seo agus leanúint orthu trí Bhéarla dá dteastódh uathu, rud a rinne mac léinn amháin ag deireadh Sheimeastar 1. Luaigh beagnach gach aon mhac léinn gur ghlaigh mé orthu go raibh siad buartha go mbeadh an iomarca oibre breise orthu staidéar a dhéanamh ar na hábhair trí Ghaeilge in ainneoin go raibh cúlra Gaeltachta nó céim sa Ghaeilge ag cuid mhaith acu. Tá an easpa tuisceana a bhaineann le cúrsaí den chineál seo tugtha faoi deara i dtíortha eile freisin (Erben, 2005).

Laghdaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna líon na mac léinn a ceadaíodh don chéad chúrsa eile i 2010-11. Feictear i dTábla 1 thíos gur roghnaigh 15 mac léinn as an líon seo na hábhair churaclaim a dhéanamh trí Ghaeilge. Chruthaigh sé seo deacrachtaí dúinn na hábhair a thairiscint trí Ghaeilge toisc go roinntear na mic léinn i ngrúpaí de 30 le haghaidh na gceardlann ar mhodheolaíochtaí teagaisc. Níorbh fhéidir grúpa inmharthana a chur le chéile gan acmhainní foirne sa bhreis. Ar deireadh cinneadh an cúrsa corpoideachais a mhúineadh trí Ghaeilge don chuid is mó den 30 mac léinn agus trí sheisiúin in oideachas luath-óige a theagasc trí Ghaeilge.

	Líon na mac léinn DI	Líon na mac léinn DI trí Ghaeilge	Na hábhair a rinneadh staidéar orthu trí Ghaeilge <sup>1</sup>
2009-10	180	30	Corpoideachas, Oideachas Luathóige, Drámaíocht, Matamaitic, OSPS, Saoránacht
2010-11	60	15	Corpoideachas, Oideachas Luathóige

Tábla 1: Mic léinn DI

<sup>1</sup> Múintear cúrsa i dTeagasc na Gaeilge trí Ghaeilge do gach mac léinn

### Cleachtadh múinteoireachta

Anuas ar na hábhair seo, d'fhéadfadh mac léinn ar bith Scoil T1 (Gaeilge) a roghnú dá c(h)leachtadh múinteoireachta. Tá ról fíorthábhachtach ag an taithí a fhaigheann na mic léinn ar chleachtadh múinteoireachta i bhforbairt a gcumais múineadh trí Ghaeilge agus a scileanna teanga féin a chleachtadh. Is ar chleachtadh múinteoireachta a fhaigheann cuid acu an deis den chéad uair taithí a fháil ar an tumoideachas. Tugann sé seans dóibh chomh maith an t-eolas atá sealbhaithe sna ceardlanna agus sna léachtaí a chur i bhfeidhm sa seomra ranga (Erben, 2005).

### Modheolaíocht

Rinneadh meastóireacht ar thuairimí na mac léinn ar na cúrsaí trí Ghaeilge ag deireadh Sheimeastar 1 agus Sheimeastar 3 don dá ghrúpa faoi mar a fheictear i dTábla 2. Tugadh foirm mheastóireachta do na mic léinn ina raibh dhá cheist i bhfoirm scála Likert (ceithre phointe) agus ceithre cheist oscailte. Lean na foirmeacha meastóireachta uilig an patrún seo. Eagraíodh grúpa fócais (GF) ag deireadh Sheimeastar 3 do mhic léinn 2010-11 in ionad ceistneora chun léargas níos doimhne a fháil ó mhic léinn ar éifeacht an chúrsa. Feictear sa cheathrú colún gur ghlac seachtar mac léinn páirt sa ghrúpa fócais. Mar a tharla sé, ba mhic léinn Ghaeltachta cúigear acu agus d'fhreastail an bheirt eile ar scoil lán-Ghaeilge.


	Ceistneoir ag deireadh Sheimeastar 1	Ceistneoir ag deireadh Sheimeastar 3	Grúpa fócais ag deireadh Sheimeastair a Trí
DI 2009-10	n=22	n=15	
DI 2010-11	n=14		n=7

Tábla 2: Meastóireacht na mac léinn ar na cúrsaí trí Ghaeilge

### Torthaí


Díreoidh mé sa chuid seo den pháipéar ar thuairimí na mac léinn faoin gcúrsa. Léireoidh mé na torthaí ar na ceisteanna dúnta ar dtús agus ansin cuirfidh mé an anailís a rinne mé ar na ceisteanna oscailte i láthair. Ba iad na téamaí a tháinig chun cinn ná a) cumas Gaeilge na mac léinn, b) múineadh i scoil T1, c) imní, d) éileamh ar ábhar trí Ghaeilge, e) úsáid an Bhéarla, agus f) comhthéacs úsáide don Ghaeilge.

Ar an iomlán bhí leibhéal sástachta an-ard i measc na mac léinn sa dá ghrúpa a rinne staidéar ar chuid de na hábhair churaclaim trí Ghaeilge faoi mar a fheictear i Léaráid 1. Bhí gach mac léinn sa chéad ghrúpa (2009-10) an-sásta nó sásta leis an gcúrsa ag deireadh Sheimeastar 1 agus ag deireadh an chúrsa. Bhí 86% de na mic léinn sa dara ghrúpa (2010-11) sásta nó an-sásta leis na cúrsaí ach bhí beirt mhac léinn (14%) míshásta leis.



Léaráid 1: Cé chomh sásta is a bhí tú leis na cúrsaí trí mheán na Ghaeilge trí chéile?

Cuireadh ceist ar na mic léinn an mbeidís sásta dá múinfi gnéithe eile den chúrsa trí Ghaeilge. Feictear i Léaráid 2 go raibh 90% de grúpa 2009-10 an-sásta nó sásta go ndéanfaí a leithéid ag deireadh Sheimeastar 1. D'ardaigh an líon sin go 100% ag deireadh an chúrsa agus 87% díobh an-sásta go múinfi gnéithe eile den chúrsa trí Ghaeilge. Bhí 93% de ghrúpa 2010-11 an-sásta nó sásta go múinfi gnéithe eile den chúrsa trí Ghaeilge agus duine amháin (7%) nach raibh sásta.



Léaráid 2: Cé chomh sásta is a bheifé dá múinfi gnéithe eile den chúrsa iarchéime trí Ghaeilge?

*Cumas Gaeilge na mac léinn*

Faoi mar a míníodh thuas, bhí na gnéithe den chúrsa a múineadh trí Ghaeilge dírithe ar na modheolaíochtaí teagaisc don ábhar sin seachas ar chúrsaí teanga. Ina ainneoin sin, ba é an bua ba mhó a bhí ag na cúrsaí i dtuairim na mac léinn ná gur tháinig feabhas ar a gcuid Gaeilge. Mar a dúirt mac léinn amháin: 'Deis iontach a bhí ann le feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge agus an foclóir ach go háirithe a leathnú' (DI\_1 10-11<sup>2</sup>). Dála an mhic léinn seo, theastaigh ó na mic léinn cur leis an réimse foclóra a bhí acu mar a míníodh: 'Deis téarmaíocht agus stór focal a fhoghlaim le húsáid ag múineadh' (DI\_1 09-10). D'aithin na mic léinn go dteastódh cumas níos fearr sa Ghaeilge uathu chun í a mhúineadh sa rang agus chun ábhair eile an churaclaim a mhúineadh trí Ghaeilge ach go háirithe. Chabhraigh an cúrsa le bunriachtanas amháin maidir leis an dara teanga a chomhlíonadh agus ba é sin an teanga a chleachtadh:

Agus a bheith sa suíomh sin tugann sé deis eile duit an Ghaeilge a chloisteáil timpeall ort. Tagann mise ó chúlra, bhí mé ar scoil lán-Ghaeilge, ach ansin ar feadh tamall fada ní raibh mé ag labhairt i nGaeilge. Tugann sé an deis duit agus bíonn sé i d'intinn an t-am ar fad. Tagann forbairt ar do chuid teanga mar gheall ar sin. (ML#2 GF<sup>3</sup>)

*Múineadh i scoil Ghaeltachta nó lán-Ghaeilge*

Bhí mic léinn ann a roghnaigh na hábhair trí Ghaeilge mar gur theastaigh uathu múineadh i scoil T1 sa todhchaí agus cleachtadh múinteoireachta a dhéanamh i Scoil T1 mar chuid den chúrsa. Faoi mar a scríobh mac léinn amháin: 'Ba chabhair an-mhór na ranganna 'oideachas luath-óige' a bheith trí Ghaeilge sa chás go mbeadh daoine ag múineadh i ngaelscoil amach anseo, ó thaobh téarmaíochta de' (DI\_1 09-10). Tháinig an cheist aníos faoi théarmaíocht sa ghrúpa fócais freisin. In ainneoin go raibh cúlra Gaeltachta ag formhór an ghrúpa seo, d'aontaigh siad uilig gur theastaigh tacaíocht uathu le foclóir agus le téarmaíocht mar a dúirt an mac léinn seo a leanas:

Tá go leor den fhoclóir nach n-úsáidfeá sa gnáthshaol ... agus fiú amháin sa Ghaelscoil tá go leor rudaí a deir sibhse le hais muintir na Gaeltachta, go mbíonn ort do chuid Gaeilge a athrú le haghaidh na gaelscoile agus tá sé go maith a bheith thart ar dhaoine a bhí i ngaelscoileanna. (ML#5 GF)

Ceist eile a thagann chun cinn i gColáiste Phádraig nuair a bhíonn mic léinn ag roghnú scoile don chleachtadh múinteoireachta ná go ndeir go leor acu go mbíonn an iomarca oibre sa bhreis orthu má roghnaíonn siad Scoil T1. Mhínigh ML#1 mar seo é:

Fiú amháin don chleachtadh múinteoireachta tá mic léinn eile in ann bileoga a chur i gcló díreach ón ríomhaire ach caithfidh muidne é a aistriú, é a scanadh isteach agus an Ghaeilge a chur isteach. Díreach acmhainní, tá sé dochreidte an t-am a ghlacann sé suas nuair atá tú ar cleachtadh múinteoireachta. (ML#1 GF)

<sup>2</sup> DI\_1 10-11 = Foirm mheastóireachta Dioplóma Iarchéime Sheimeastar 1, DI\_3 = Seimeastar a 3

<sup>3</sup> ML#2 GF = Mac léinn a dó Grúpa Fócais



Cé go raibh obair sa bhreis ann níor choisc sé sin go leor de na mic léinn sa ghrúpa fócais Scoil T1 a roghnú. Theastaigh uathu post a fháil i scoil T1 sa todhchaí agus thuig siad go mbeadh an taithí ar chleachtadh múinteoireachta tábhachtach chuige sin. I gcásanna eile, áfach, ní mar seo a bhí.

Rinne mise mo dhara cleachtadh múinteoireachta i ngaelscoil ach shocraigh mé ceann Béarla a dhéanamh anois [don cheann deireanach] is tá difir iontach i mbliana. Tá oiread rudaí ar fáil domh nach mbeadh ar fáil i ngaelscoil. Tá difir iontach ann. (ML#7 GF)

D'aontaigh siad uilig go raibh ualach breise ann agus cheap mac léinn amháin 'go mbeadh sé mar chuid de phost an léachtóra cuid de na nótaí nó na hacmhainní a chur ar fáil as Gaeilge' (ML#3 GF). Lorg mic léinn a leithéid sna ceistneoirí freisin. Dar ndóigh níor ghearán nua a bhí anseo agus ba é ceann d'aidhmeanna an chúrsa cabhrú le mic léinn sa réimse seo. Ní féidir a mhaíomh gur leigheas na cúrsaí trí Ghaeilge na deacrachtaí seo ach sholáthraigh siad pleananna ceachta samplacha agus nótaí dóibh i nGaeilge nach mbeadh acu dá uireasa.

### *Imní*

Faoi mar a luadh thuas, bhí imní ar chuid mhaith de na mic léinn tabhairt faoin gcúrsa trí Ghaeilge mar gur cheap siad nach mbeadh a gcuid Gaeilge sách maith nó go mbeadh an iomarca oibre ag baint leis an gcúrsa. Laghdaigh an imní a bhí ar fhormhór na mac léinn nuair a thug siad faoin gcúrsa ach bhí cúpla eisceacht ann:

Ní féidir liom a lán Gaeilge a labhairt agus faighim go bhfuil a lán imní orm nuair a d'fhreastail mé ar na ranganna Gaeilge mar tá níos mó daoine as an nGaeltacht nó líofa le Gaeilge agus bhraith mé faoi bhrú í a labhairt. (DI\_1 10-11)

Is deacracht í seo a thagann chun cinn go minic nuair a bhíonn mic léinn ar chumais éagsúla measctha le chéile. Uaireanta motháíonn na mic léinn laga go mbíonn imní orthu i gcomhthéacsanna mar seo. Chun cabhrú le mic léinn den chineál seo moladh sa ghrúpa fócais go mbeadh deis cleachtaidh acu roimh ré:

[ba cheart] go mbeadh saghas 'trial run' ann do gach duine. Tá daoine ann, tá go leor Gaeilge acu, ach bhí imní orthu agus níor phioc siad an cúrsa trí Ghaeilge. (ML#6 GF)

Gné eile a bhain le himní ná go raibh na mic léinn buartha go mbeadh orthu na tionscadail agus na scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge. Cé gur luadh sa litir a cuireadh chuig mic léinn ag tabhairt cuiridh dóibh na cúrsaí trí Ghaeilge a roghnú, go mbeadh rogha acu idir tionscadail/scrúduithe trí Ghaeilge nó trí Bhéarla, bhí cuid acu buartha faoi seo go fóill. B'éigean dom labhairt le roinnt mac léinn faoi seo chun iad a chur ar a suaimhneas faoi. Ba léir ón gcomhrá seo a leanas sa ghrúpa fócais nach raibh an teachtaireacht sin faighte ag cuid de na mic léinn.

B'fhéidir fosta sa litir nó cibé cén áit, inis dóibh go dtig leo na tionscadail a dhéanamh i mBéarla. Chuir sé as do chuid mhór daoine. (ML#1 GF)

Ceapaim gur rud mór é go mbeadh cead acu an tionscadal a dhéanamh i mBéarla. Ní aireoidh siad go mbeidh brú orthu sa deireadh leis. (ML#5 GF)

Agus leagan trí Bhéarla [den litir] ann fosta. (ML#3 GF)

Tá impleachtaí anseo do chúrsaí sa todhchaí. Má theastaíonn uainn cúrsaí a eagrú trí Ghaeilge ní mór dúinn a chur ina luí ar mhic léinn nach mbeidh ualach rómhór oibre orthu agus nach mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste. Bealach amháin a mhol duine de na mic léinn leis an teachtaireacht seo a chur in iúl ná:

Nuair a thosaíonn sé [an cúrsa] go ngabhfadh duine éicint isteach chucu, mac léinn, a rá leo na buntáistí a bhaineann leis, duine a rinne an cúrsa trí Ghaeilge cheana féin ... bheadh sé níos fearr teacht ó mhac léinn seachas léachtóir. (ML#4 GF)

Is léir ón méid sin go bhfuil margáíocht na gcúrsaí fíorthábhachtach.

#### *Éileamh ar ábhair trí Ghaeilge*

Má éiríonn linn mic léinn a mhealladh is í an fhianaise ó na cúrsaí go dtí seo go méadóidh éileamh na mac léinn ar a leithéid de réir mar a théann siad i dtaithí orthu. Chonaiceamar i Léaráid 2 thuas gur tháinig ardú substaintiúil ar líon na mac léinn a bheadh sásta tuilleadh ábhar a dhéanamh trí Ghaeilge ag deireadh Sheimeastar 3 i gcomparáid le Seimeastar 1. Luaigh go leor den ghrúpa seo 'níos mó a chur ar fáil trí Ghaeilge' (DI\_3 09-10) sna ceisteanna oscailte ar an gceistneoir. Dhearbhaigh na mic léinn sa ghrúpa fócais na tuairimí seo:

Agus fiú daoine a bhí sa rang linn nach raibh ag iarraidh corpoideachas a dhéanamh trí Ghaeilge. Sa deireadh bhí siad ag rá nach raibh sé chomh dona sin ... níor chuir sé as dóibh ar chor ar bith ... má chuireann tú ceist orthu níl bother ar bith leis tá sé chomh héasca dóibh. (ML#4 GF)

#### *Úsáid an Bhéarla*

Tháinig ceist chun cinn maidir le húsáid an Bhéarla ag na léachtóirí sna seimineáir agus bhí dhá thuairim chontrártha ann. Bhí mac léinn amháin den tuairim gur chóir 'Gaeilge níos oiriúnaí agus níos mó Béarla a úsáid' (DI\_1 09-10) agus duine eile sa ghrúpa céanna ag rá: 'Tá an iomarca Béarlachais agus Béarla measctha leis an nGaeilge. Tá sé ródheacair aon *flow* a bheith ann' (DI\_1 09-10). B'fhéidir gur léiriú eile é seo ar dheacrachtaí a thagann chun cinn le grúpaí ilchumais a bheith ann. É sin ráite, bhí ardchaighdeán Gaeilge ag na mic léinn sa ghrúpa fócais agus labhair siad faoi léachtóir amháin a bhíodh ag rá: 'Níl mo chuid Gaeilge foirfe, beidh mise ag foghlaim freisin. Tógann sé sin an brú díot' (ML#2 GF). Nuair a d'fhiafraigh mé díobh ar chuir sé isteach orthu go mbeadh an léachtóir ag lorg foclóra uathu ba é an freagra a fuair mé ná: 'Níor chuir, an fhad is go raibh an focal againn' (ML#5 GF).

Bhí roinnt mac léinn a luaigh úsáid an Bhéarla sa rang Matamaitice: 'Téarmaí Matamaitice a mhíniú go cruinn, b'fhéidir meascán de Bhéarla. Béarla a thabhairt do na téarmaí Matamaitice' (DI\_3 09-10). Bhí cúpla duine go deimhin gurbh fhearr leo gan an Mhatamaitic a dhéanamh trí Ghaeilge ar chor ar bith: 'Ní dhéanfá Mata trí Ghaeilge mar tá sé deacair na coincheapa a thuiscint' (DI\_3 09-10). Is dócha go raibh an tuairim seo ag brath cuid mhaith ar mhian an mhic léinn teagasc i Scoil T1 sa todhchaí. Bhí an mac léinn seo a leanas dearfach faoin taithí leis an Matamaitic: '... na hábhair trí Ghaeilge m.sh. an Mata. Bhí sé i bhfad níos fusa é a dhéanamh sa rang nuair a bhí taithí againn ar an foclóir' (DI\_3 09-10).

#### *Comhthéacs úsáide don Ghaeilge*

Gné eile den chúrsa a luaigh cuid de na mic léinn mar bhuntáiste ná gur thug sé comhthéacs dóibh leis an Ghaeilge a úsáid agus dar ndóigh bhí sé seo ar cheann d'aidhmeanna an chúrsa. Luaigh mac léinn amháin an deis a sholáthraigh an cúrsa 'Aithne a chur ar dhaoine eile a bhfuil suim acu sa Ghaeilge' (DI\_1 09-10). Cheap duine eile go raibh sé 'go deas an Ghaeilge a úsáid go rialta agus go nádúrtha' (DI\_1 09-10). D'aontaigh duine eile gur chuir sé comhthéacs nádúrtha ar fáil:

Agus tá an seomra caidrimh ann ach uaireanta ceapaim gur suíomh an-mhínádúrtha é. Nuair atá tú i rang, tá gach duine ag labhairt, tá na mic léinn sa rang ag tabhairt freagraí i nGaeilge. Tá sé i bhfad níos nádúrtha ceapaim ná an seomra caidrimh. (ML#2 GF)

Ba léir ó thuairimí na mac léinn go santaíonn cuid mhaith acu deiseanna leis an Ghaeilge a úsáid i suíomh nádúrtha. Bhí éileamh ó chuid acu ar oícheanta sóisialta Gaelacha, mar shampla. Tá macalla anseo den méid a bhí le rá ag Met (1998) thuas faoi chuspóirí réalaithe a bheith níos dúshlánaí ná cinn bhréagacha. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le deiseanna úsáide Gaeilge a bheith ag daoine i Straitéis 20 Bliain an Rialtais (Rialtas na hÉireann, 2010) agus is sampla maith é an cúrsa seo de sin.

#### **Dúshlán na léachtóirí a mhúin na cúrsaí trí Ghaeilge**

Bhí cruinniú leis na léachtóirí a bhí ag múineadh na gcúrsaí chun aiseolas a fháil uathu agus chun éisteacht leis na dúshláin a bhí rompu. An rud ba mhó a bhí dúshlánach dóibh ná muinín a bheith acu as a gcumas féin sa Ghaeilge. Tá sé seo tábhachtach dar ndóigh toisc go bhfuil gaol idir féinéifeachtúlacht na léachtóirí ina gcumas teanga agus éifeacht an teagaisc sin (Andrews, 2001). Bhí cuid acu buartha nach mbeidís sách maith le seisiún idirghníomhach a láimhseáil nó nach mbeadh an cumas sa Ghaeilge acu chun ceist dhúshlánach ó mhac léinn a fhreagairt. Cé go bhfuil scéim tacaíochta teanga ar fáil do léachtóirí i gColáiste Phádraig, is é cúrsaí ama an chonstaic is mó. Bhí na léachtóirí buartha chomh maith go mbeadh leisce ar chuid de na mic léinn a bheith rannpháirteach sa rang de bharr easpa muiníne sa Ghaeilge. Bhí sé fíorthábhachtach do na léachtóirí freisin go roghnódh na mic léinn na cúrsaí trí Ghaeilge dá ndeoin féin.

## Tátal

Ar an iomlán bhí leibhéal sástachta an-ard i measc na mac léinn i dtaobh na gcúrsaí seo trí Ghaeilge. Fuair siad deis a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus a fheabhsú sa chomhthéacs réalaíoch a chruthaigh an cúrsa. Shealbhaigh siad foclóir agus téarmaíocht nua a bheadh riachtanach leis na hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge. Chabhraigh sé seo go mór le mic léinn a bhí ag déanamh cleachtadh múinteoireachta i scoil T1. Cé go raibh inné ar chuid de na mic léinn agus go raibh sé deacair iad a earcú don chúrsa roimh ré, d'ardaigh an t-éileamh ar chúrsaí trí Ghaeilge tar éis dóibh taithí a fháil orthu. Bheadh margaíocht na gcúrsaí den chineál seo fíorthábhachtach mar sin agus dá mb'fhéidir é, b'fhiú mic léinn a raibh taithí acu lena leithéid de chúrsa a fháil le labhairt le grúpaí nua faoi. Gné riachtanach eile is ea go mbeadh rogha ag mic léinn faoi na cúrsaí a ndéanfaidís staidéar orthu agus go bhféadfaidís na tionscadail a dhéanamh ina rogha teanga. Bhí mic léinn áirithe ann agus theastaigh uathu go mbeadh na nótaí ranga ar fáil dóibh i mBéarla agus i nGaeilge mar scafall. Níor cheart go gcruthódh sé seo mórán deacrachta más rud é go bhfuil na cúrsaí á múineadh go comhthreomhar trí Bhéarla. Ní mór a bheith cúramach, áfach, faoi úsáid an Bhéarla mar gur chuir sé seo isteach ar roinnt mac léinn. Tá riachtanais teanga ag léachtóirí freisin agus bíonn breis ama ullmhúcháin ag teastáil uathu le teagasc trí Ghaeilge nuair nach bhfuil taithí acu ar a leithéid.

Má bhíonn rogha i gceist leis na cúrsaí FCÁT, is mó an seans go meallfaidh sé na mic léinn le cumas réasúnta maith sa Ghaeilge. Ceann de na haidhmeanna a bheadh leis an gcur chuige seo ná feabhas a chur ar Ghaeilge na mac léinn trí chéile. Tá dúshlán ann, mar sin, na mic léinn is mó go dteastaíonn uathu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge a mhealladh chuig na cúrsaí seo. I gcomhthéacs an tsiollabais nua Gaeilge do mhic léinn ollscoile (Walsh and Nic Eoin, 2010; Nic Eoin san eagrán seo) ba mhaith glacadh leis go mbeadh foghlaimoirí níos freagraí as a scileanna teanga féin a fheabhsú agus go roghnóidís cúrsaí FCÁT in ainneoin go mbeadh inné áirithe orthu fúthu. Ba mhaith an rud é cúrsaí píolótacha a thionscnamh agus tionchar na gcúrsaí ar chumas Gaeilge na mac léinn a thomhas go córasach. Mar fhocal scoir, níl aon teorainn leis na féidearthachtaí do FCÁT i mbunscoileanna agus in oideachas tosaigh múinteoirí, ach teastaíonn acmhainní daonna agus áiseanna teagaisc le dea-thorthaí a bhaint amach.

**Tagairtí**

- Andrews, Stephen (2001). The language awareness of the L2 teacher: Its impact upon pedagogical practice. *Language Awareness*, 10(2-3), 75-90.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007). *An Ghaeilge sa Bhunscoil: Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011) *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i Measc Leanaí agus Daoine Óga, 2011–2020*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Baker, Colin, Jones, Sylvia Prys (1998). *Encyclopaedia of Bilingualism and Bilingual Education*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Cammarata, Laurent (2010). Foreign language teachers' struggle to learn content-based instruction. *L2 Journal*, 2(1), 89-118.
- Comhairle na hEorpa (2008). *Próifíl Bheartas Oideachais Teanga: Éire*. Strasbourg: An Rannóg Bheartas Teanga.
- Comhar na Múinteoirí Gaeilge (2010). 61% in support of Irish as a compulsory subject. Accessed 28 January 2011, [http://cnmg.ie/index.php?route=news/board/viewandnews\\_id=3](http://cnmg.ie/index.php?route=news/board/viewandnews_id=3).
- Council of Europe (2006a). Content and language integration (CLIL) at school in Europe. Accessed 28 January 2011, <http://bookshop.europa.eu/en/content-and-language-integrated-learning-clil-at-school-in-europe-pbNCX106001/>
- Council of Europe (2006b). Content and language integration (CLIL) at school in Europe: Ireland national description, 2004/05. Accessed 28 January 2011, <http://www.eurydice.org>.
- Coyle, Do, Hood, Philip and Marsh, David. (2010). *CLIL: Content and Language Integrated Learning*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Cummins, Jim (2000). *Language, Power and Pedagogy: Bilingual Children in the Crossfire*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Cummins, Jim (2011). Diverse futures. *All changed? Culture and Identity in Contemporary Ireland*, ed. by Pádraig Ó Duibhir, Rory McDaid and Andrew O'Shea, 49-70. Dublin: Duras Press.
- Dörnyei, Zoltán and Ushioda, Ema (2009). *Motivation, Language Identity and the L2 Self*. Bristol: Multilingual Matters.
- Erben, Tony (2005). Teacher education through immersion education and immersion education through teacher education: An Australian Case, *Second Language Teacher Education: An International Perspective*, ed. by Diane J. Tedick, 281-294. Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum Associates.
- Grabe, William and Stoller, Fredricka L. (1997). Content-based instruction: Research foundations. *The Content-Based Classroom: Perspectives on Integrating Language and Content*, ed. by M. A. Snow and D. Brinton, 5-21. New York: Longman.
- Harris, John (1983). Relationships between achievement in spoken Irish and demographic, administrative, and teaching factors. *Irish Journal of Education*, 17(1), 5-34.

- Harris, John, Patrick Forde, Peter Archer, Siobhán Nic Fhearaile, and Mary O'Gorman (2006). *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- Harris, John and Pádraig Ó Duibhir (2011). *Effective language teaching: A synthesis of research*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.
- Lyster, Roy (2007). *Learning and Teaching Languages through Content: A Counterbalanced Approach*, 28. Amsterdam: John Benjamins.
- Mac Donnacha, Seosamh, Fiona Ní Chualáin, Aoife Ní Shéaghdha, and Treasa Ní Mhainín (2005). *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta: A study of Gaeltacht schools 2004*. Dublin: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Máirtín, Caoimhe (2006). *Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna Lán-Ghaeilge: Bunachar Sonraí agus Tuairimíocht Phríomhoidí i Leith Gnéithe den Staid Reatha sa Ghaelscolaíocht*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Marsh, David (2002). CLIL/Emile The European dimension: Actions, trends and foresight potential. Accessed 28 January 2011, [http://ec.europa.eu/education/policies/lang/doc/david\\_marshall-report.pdf](http://ec.europa.eu/education/policies/lang/doc/david_marshall-report.pdf)
- Met, Miriam (1998). Curriculum decision-making in content-based language teaching. *Beyond Bilingualism: Multilingualism and Multilingual Education*, ed. by Jasone Cenoz and Fred Genesee, 35-63. Clevedon: Multilingual Matters.
- National Programme Conference (1922). *National Programme of Primary Instruction*. Dublin: Browne and Nolan.
- Ní Chiaráin, Áine (2007). Coláistí faoi ndear an lagú 'tubaisteach' sa Ghaeilge. *Foinse*, 4 (Márta), 1.
- O'Connor, Maura (2010). *The Development of Infant Education in Ireland, 1838-1948: Epochs and Eras*. Bern: Peter Lang.
- Ó Duibhir, Pádraig (2006). *Oideachas agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Múinteoirí i Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Rialtas na hÉireann (2010). *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030: 20 year Strategy for the Irish language 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Stoller, Fredricka L. (2004). Content-based instruction: Perspectives on curriculum planning. *Annual Review of Applied Linguistics*, 24, 261-283.
- Ting, Yen-Ling Teresa (2010). CLIL appeals to how the brain likes its information: Examples from CLIL-(neuro)science. *International CLIL Research Journal*, 1(3), 3-18.
- Walsh, John, and Nic Eoin, Máirín (2010). Siollabais nua Gaeilge don chéad bhliain ollscoile. *Teagasc na Gaeilge*, 9, 13-23.